13zzzzzzzzzg. **32018 R 1500:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1500 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí tiaram agus lena dtoirmiscear úsáid agus díol síolta atá cóireáilte le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil tiaram, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 254, 10.10.2018, lch. 1).

13zzzzzzzzzh. **32018 R 1501:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1501 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí pimeatraisín, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 254, 10.10.2018, lch. 4).

13zzzzzzzzzi. **32018 R 1532:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1532 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí déchuat, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 257, 15.10.2018, lch. 10).”

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1262, (AE) 2018/1264, (AE) 2018/1265, (AE) 2018/1266, (AE) 2018/1294, (AE) 2018/1295, (AE) 2018/1495, (AE) 2018/1500, (AE) 2018/1501 agus (AE) 2018/1532 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

CINNEADH Uimh. 121/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE**an 8 Bealtaine 2019****lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2019]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1659 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 i bhfianaise na gcritéar eolaíoch chun airíonna suaiteora inchrínigh a chinneadh, critéir a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/605 ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1796 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aimídeasulfúrón, défheanocs, clóirpireafos, clóirpireafos-meitil, clóifeintisín, díceamba, défheanaconasól, défhluibeansúrón, défhluifeineacan, démhocsastróibin, feanocsapróp-p, feanpróipidin, leanacail, mancóiseib, meiceapróp-P, meitiream, niceasulfúrón, ocsaimil, pioclóram, pireaclóstróibin, pireaprocsaifein agus tríteasulfúrón ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1913 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí tríbheanúrón a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1914 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí cuineocsaifein, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1915 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach *Metschnikowia fructicola* den tréithchineál NRRLY-27328 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1916 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí bispireabac ⁽⁶⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1917 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí flúrtamón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

⁽¹⁾ IO L 278, 8.11.2018, lch. 3.⁽²⁾ IO L 294, 21.11.2018, lch. 15.⁽³⁾ IO L 311, 7.12.2018, lch. 13.⁽⁴⁾ IO L 311, 7.12.2018, lch. 17.⁽⁵⁾ IO L 311, 7.12.2018, lch. 20.⁽⁶⁾ IO L 311, 7.12.2018, lch. 24.⁽⁷⁾ IO L 311, 7.12.2018, lch. 27.

(8) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear na fleasca seo a leanas i bpointe 13a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún):

- **32018 R 1796**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1796 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2018 (IO L 294, 21.11.2018, lch. 15),
- **32018 R 1913**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1913 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 (IO L 311, 7.12.2018, lch. 13),
- **32018 R 1914**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1914 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 (IO L 311, 7.12.2018, lch. 17),
- **32018 R 1915**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1915 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 (IO L 311, 7.12.2018, lch. 20),
- **32018 R 1916**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1916 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 (IO L 311, 7.12.2018, lch. 24),
- **32018 R 1917**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1917 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 (IO L 311, 7.12.2018, lch. 27)."

2. Cuirtear an méid seo a leanas i bpointe 13f, (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún):

"mar a leasaítear le:

- **32018 R 1659**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1659 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2018 (IO L 278, 8.11.2018, lch. 3)."

3. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 13zzzzzzzzzi (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1532 ón gCoimisiún):

"13zzzzzzzzzj. **32018 R 1913**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1913 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí tríbheanúrón a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 294, 21.11.2018, lch. 15).

13zzzzzzzzzk. **32018 R 1914**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1914 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí cuineocsaifein, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 311, 7.12.2018, lch. 17).

13zzzzzzzzzl. **32018 R 1915**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1915 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach *Metschnikowia fruticola* den tréithchineál NRRL Y-27328 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 311, 7.12.2018, lch. 20).

13zzzzzzzzzm. **32018 R 1917**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1917 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí flúrtamón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 311, 7.12.2018, lch. 27)."

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1659, (AE) 2018/1796, (AE) 2018/1913, (AE) 2018/1914, (AE) 2018/1915, (AE) 2018/1916 agus (AE) 2018/1917 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 122/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialachán theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2020]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí própaconasól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 13a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún):
“- **32018 R 1865**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 (IO L 304, 29.11.2018, lch. 6).”
2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh pointe 13zzzzzzzzm (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1917 ón gCoimisiún):
“13zzzzzzzzn. **32018 R 1865**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí própaconasól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 304, 29.11.2018, lch. 6).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1865 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(1) IO L 304, 29.11.2018, lch. 6.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

CINNEADH Uimh. 123/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialachán theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2021]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2018/1847 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 1a (Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XVI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

“- **32018 R 1847**: Rialachán (AE) 2018/1847 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2018 (IO L 300, 27.11.2018, lch. 1).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2018/1847 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 300, 27.11.2018, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 124/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2022]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1699 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena leagtar síos faisnéis theicniúil maidir le forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh lena dtuairisciú le dátaí tagartha ón 30 Meán Fómhair 2018 go dtí an 30 Nollaig 2018 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus saothrú an ghnó sin ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/228 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2019 lena leagtar síos faisnéis theicniúil maidir le forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh lena dtuairisciú le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2018 go dtí an 30 Márta 2019 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus saothrú an ghnó sin ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1ze (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2015 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

- 1zf. **32018 R 1699:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1699 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena leagtar síos faisnéis theicniúil maidir le forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh lena dtuairisciú le dátaí tagartha ón 30 Meán Fómhair 2018 go dtí an 30 Nollaig 2018 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus saothrú an ghnó sin (IO L 285, 13.11.2018, lch. 1).
- 1zg. **32019 R 0228:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/228 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2019 lena leagtar síos faisnéis theicniúil maidir le forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh lena dtuairisciú le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2018 go dtí an 30 Márta 2019 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus saothrú an ghnó sin (IO L 37, 8.2.2019, lch. 22)."

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1699 agus (AE) 2019/228 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

⁽¹⁾ IO L 285, 13.11.2018, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 37, 8.2.2019, lch. 22.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

CINNEADH Uimh. 126/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE
an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (An chumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2023]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/235 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leasaítear Cinneadh 2008/411/CE a mhéid a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar na coinníollacha teicniúla ábhartha is infheidhme maidir leis an mbanda minicíochta 3 400-3 800 MHz ⁽¹⁾, mar a cheartaítear le IO L 92, 1.4.2019, lch. 11, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 5czd (Cinneadh 2008/411/CE ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

“- **32019 D 0235**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/235 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 (IO L 37, 8.2.2019, lch. 135), mar a cheartaítear le IO L 92, 1.4.2019, lch. 11.”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/235, mar a cheartaítear le IO L 92, 1.4.2019, lch. 11, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 37, 8.2.2019, lch. 135.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 127/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE
an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2024]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1973 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 909/2013 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don chóras taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre (ECDIS Intíre) dá dtagraítear i dTreoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas le pointe 49ae (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 909/2013 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

“, mar a leasaítear:

- **32018 R 1973**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1973 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2018 (IO L 324, 19.12.2018, lch. 1).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1973 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán
Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 324, 19.12.2018, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 128/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE**an 8 Bealtaine 2019****lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2025]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 56y (Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

“56z. **32017 R 0352:** Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO L 57, 3.3.2017, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe sin, leis an oiriúnú seo a leanas:

Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 1(4):

‘A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na calafoirt mhuirí seo a leanas den ghréasán tras-Eorpach iompair mar a léirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/758 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis a oiriúnú ⁽²⁾:

AN ÍOSLAINN

Faxaflóahafnir/Sundahöfn

Höfnin á Seyðisfirði

Hafnir Fjarðabyggðar/Mjóeyrarhöfn Reyðarfirði

Höfnin í Vestmannaeyjum

Landeyjahöfn

AN IORUA

Bergen

Grenland

Hammerfest

Karmsund

Kirkenes

Kristiansand

Kristiansund

⁽¹⁾ IO L 57, 3.3.2017, lch. 1.⁽²⁾ IO L 126, 14.5.2016, lch. 3, arna ionchorprú le Cinneadh Uimh. 197/2016 ó Chomhchoiste LEE, IO L 80, 22.3.2018, lch. 42.

Larvik
Mo i Rana
Molde
Moss
Narvik
Osló
Stavanger
Trondheim
Tønsberg.”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2017/352 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha ^(?)*

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

^(?) * Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

CINNEADH O CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 129/2019

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XVIII (Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, Dlí an tSaothair agus Cóir Chomhionann idir Fir agus Mná) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2026]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de, De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Treoir (AE) 2017/2398 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shóghineacha ag an obair ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 32g (Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

“— **32017 L 2398**: Treoir (AE) 2017/2398 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 87).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2017/2398 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

(¹) IO L 345, 27.12.2017, lch. 87.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 130/2019 ó CHOMHCHOISTE LEE**an 8 Bealtaine 2019****lena leasaítear Iarscríbhinn XIX (Cosaint Tomhaltóirí) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2027]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le híosmhéid airgid an árachais slánaíochta gairmiúla nó na ráthaíochta inchomparáide a chaithfidh a bheith ag idirghabhálaithe creidmheasa ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 7h (Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE:

“7ha. **32014 R 1125**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le híosmhéid airgid an árachais slánaíochta gairmiúla nó na ráthaíochta inchomparáide a chaithfidh a bheith ag idirghabhálaithe creidmheasa (IO L 305, 24.10.2014, lch. 1).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 125/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Bealtaine 2019 ⁽²⁾, cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 305, 24.10.2014, lch. 1.

^(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

⁽²⁾ IO L 321, 12.12.2019, lch. 176.

CINNEADH Uimh. 131/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE
an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2028]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2018/2026 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe 1ea (Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

“— **32018 R 2026**: Rialachán (AE) 2018/2026 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 (IO L 325, 20.12.2018, lch. 18).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2018/2026 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 325, 20.12.2018, lch. 18.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 132/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2029]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2042 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 chun dálaí tástála WLTP a shoiléiriú agus chun foráil a dhéanamh d’fhaireachán ar shonraí cineálcheadaithe ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2043 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 chun dálaí tástála WLTP a shoiléiriú agus chun foráil a dhéanamh maidir le faireachán ar shonraí cineálcheadaithe ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas i bpointe 21aey (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 ón gCoimisiún):
“, mar a leasaítear le:
— **32018 R 2042**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2042 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 (IO L 327, 21.12.2018, lch. 53).”
2. Cuirtear an méid seo a leanas i bpointe 21aey (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún):
“— **32018 R 2043**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2043 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 (IO L 327, 21.12.2018, lch. 58).”

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2042 agus (AE) 2018/2043 san Ioruais agus san Íoslainnis, rud atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 327, 21.12.2018, lch. 53.

⁽²⁾ IO L 327, 21.12.2018, lch. 58.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

CINNEADH Uimh. 133/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE**an 8 Bealtaine 2019****lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2030]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2079 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le feidhm saor-rothlaithe innill réchasta a fhorhmeas mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh pointe 21aeza (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1402 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

“21aezb. **32018 D 2079**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2079 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le feidhm saor-rothlaithe innill réchasta a fhorhmeas mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 331, 28.12.2018, lch. 225).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2079 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán
Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 331, 28.12.2018, lch. 225.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 134/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE
an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2031]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 chun nuashonrú a dhéanamh ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long a bhunaítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 32^{hd} (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

“— **32018 D1906:** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018 (IO L 310, 6.12.2018, lch. 2).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 310, 6.12.2018, lch. 29.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Uimh. 135/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XXII (Dlí na gcuideachtaí) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2032]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2017/1987 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 15 ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán (AE) 2017/1988 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 4 ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán (AE) 2017/1989 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 12 ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 10ba (Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Comhaontú LEE:

- **32017 R 1987:** Rialachán (AE) 2017/1987 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2017 (IO L 291, 9.11.2017, lch. 63),
- **32017 R 1988:** Rialachán (AE) 2017/1988 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2017 (IO L 291, 9.11.2017, lch. 72),
- **32017 R 1989:** Rialachán (AE) 2017/1989 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2017 (IO L 291, 9.11.2017, lch. 84).”

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2017/1987, (AE) 2017/1988 agus (AE) 2017/1989 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

⁽¹⁾ IO L 291, 9.11.2017, lch. 63.

⁽²⁾ IO L 291, 9.11.2017, lch. 72.

⁽³⁾ IO L 291, 9.11.2017, lch. 84.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán
Claude MAERTEN

CINNEADH Uimh. 136/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2022/2033]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha a leathnú chun go n-áireofar Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ⁽¹⁾.
- (2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2019,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach in Airteagal 4, mír 2n:

“, mar a leasaítear le:

— **32018 R 1475**: Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).”

2. Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 4, mír 2n:

“2o. Beidh Stáit CSTE, le héifeacht ón 1 Eanáir 2019, rannpháirteach sa chlár seo a leanas:

— **32018 R 1475**: Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

Díolmhófar an Iorua agus Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach sa chlár seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann leis.”

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs Airteagal 4, mír 3:

“I gcomhréir le hAirteagal 82(1), pointe (a), den Chomhaontú, déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíocht i leith na gclár agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a, 2b, 2c, 2d, 2e, 2f, 2g, 2h, 2i, 2j, 2k, 2l, 2m, 2n agus 2o.”

4. Cuirtear an méid seo a leanas isteach in Airteagal 10(8), pointe (d):

“, mar a leasaítear le:

— **32018 R 1475**: Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).”

(¹) IO L 250, 4.10.2018, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh chuig Comhchoiste LEE faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)